

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadadh	D155
Ainm an Agalláí	Edward Mc Guigan
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	4/11/2008
Suíomh an Agallaimh	An Dearachán, Na Gleannta
Ainm an Tras-scríbhneora	Anna Ní Pheanróis

(gáire)

(sos)

(--)

Tús bréige

' _____ '

Focal dothuigthe

' _____ +'

Níos mó ná focal amháin dothuigthe

....

Beirt ag caint ag an am amháin

[]

Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

DÓNALL: *Right*, tá muid ar shiúl. Anois beidh sibh ag éisteacht sa chlár seo le Eddie Mc Guigan ar an Dearachán. Bhfuil an Dearachán faoi, faoi pharóiste na nGleanntach a Eddie, nach bhfuil?

EDDIE: Tá sé faoi pharóiste na Gleanntaí cinnte.

DÓNALL: ...Is taoi a dtabharann?...

EDDIE: ...Am, am amháin anois bhí muid faoi Baile na Finne.

DÓNALL: Sé.

EDDIE: Ach d'athraigh siad an rud ansin. Sílimse gur thart fá na *nineteen*, na *late sixties*, a d'athraigh siad an rud, tá, tá.

DÓNALL: D'athraigh siad é.

EDDIE: Ná ní raibh mórán tithe thart, bhuel, ní raibh mórán daoine ann ná bhuel, an teach, an teach is faide ar shiúl uainne, bhí sé míle ar shiúl agus b'éigean do fear an phoist a thart anseo ansin agus bhí míle aige le déanamh. Bhuel ansin bhí sé níos cóngaraí ag bunadh na Gleanntach thart an taobh seo.

DÓNALL: Sé.

EDDIE: Bhí níos mó tithe ar an taobh seo

DÓNALL: ...*Right*...

EDDIE: ...den bhealach, *aye*.

DÓNALL: *So* sin, sin creidim gur sin taoi ar athraigh tú sibh, an bé.

EDDIE: Sea, sea, agus sin an t-am a d'athraigh siad é, *aye*.

DÓNALL: An bhfuil barúil ar bith agat cá taoi a dtabharfar an Dearchán air a Eddie?

EDDIE: Bheifeá ag gabháil ar deireadh go dtí b'fhéidir *eighty years* thart.

DÓNALL: Sea.

EDDIE: Fuair siad ainmneacha do na háiteacha seo.

DÓNALL: Sea.

EDDIE: Sílimse gur thosaigh sé fá dtaobh den fear ____ nó rud inteacht.

DÓNALL: Gur, scéal fianáochta.

EDDIE: Sea, sea.

[Tá bean sa chúlra ansin ag caint corr uair fosta.]

Agus cibé an dóigh a fuair siad ainm amach as sin.

DÓNALL: Sea.

EDDIE: Tá. *Mmm*.

DÓNALL: *So chuaigh tusa na scoile anseo a Eddie?*

EDDIE: *Á, bhí sé i dtrátha míle go leith (1½) déarfainn nó thart fá sin ar scor ar bith.*

DÓNALL: *Agus c'ainm atá ar an scoil sin?*

EDDIE: *An Ghráfaigh.*

DÓNALL: *An Ghráfaigh.*

EDDIE: *An Ghráfaigh, aye.*

DÓNALL: *Caidé mar a bhí rudaí ar an scoil Eddie?*

EDDIE: *Bhuel, bhí rudaí ag gabháil gearr mhaith bhfuil a fhios agat agus leora mar a dúirt an béarla, níor chur muid an feoil in an-mhórán ach an oiread. (Gáire) Ag *actáil* creidim anois agus arís ar an *teacher* ná ar an mháistir. *Mmm.**

DÓNALL: *Agus cé, cé bhí, cé, cé a bhí ansin i do theagasc, a Eddie?*

EDDIE: *Tá sí marbh anois, go ndéana Dia trócaire uirthi, em, *Maggie Mc Brearty* a bhí uirthi agus pósadh ansin í ar *Magill*, bhfuil cuimhne agat ar *poet Magill*?*

DÓNALL: *Tá, *Patrick Magill* ____.*

EDDIE: *Bhuel, bheadh sé ina dheartháir dá sin, phós sé ise.*

DÓNALL: *Tá a fhios.*

EDDIE: *Aye.*

DÓNALL: Chím.

EDDIE: Agus tá sí marbh anois le arú, creidim go bhfuil sé seal maith blianta, á. Á, bhí sí ina *teacher* an-mhaith, bhfuil a fhios agat. Bhí, bhí sí an-mhaith do na pháis, na, na páistí.

DÓNALL: *Mmm, hmm.*

EDDIE: *Mmm, aye,* ní raibh dochar ar bith léithe, ní raibh.

DÓNALL: Ní raibh sí ag greadadh oraibh an dóigh a raibh...

EDDIE: ...Arú, ní raibh...

DÓNALL: ...Ní raibh...

EDDIE: ...Ní raibh. Ní raibh. Ní raibh. Ach ba ghnách liomsa amanna nuair a bheinn istigh sa, sa *chlass* mar a deir an fear iúdaí agus b'fhéidir go rachadh sí amach ag déanamh rud inteacht, b'fhéidir rud inteacht eile, bhfuil a fhios agat, bhí clog mhór thuas ar thaobh an bhalla agus ba ghnách liomsa é a chur sí., (gáire) thart b'fhéidir cúig bhomaite ná deich mbomaite...

DÓNALL: An dóigh a bhfaighfeá ar shiúl na bhaile níos luaithe? (Gáire)

EDDIE: Sea. Ná, ná, ní, ní, ní raibh *watch* ar bith aici féin.

DÓNALL: *No.*

EDDIE: Agus *by God* ba ghnách linn a bheith ar shiúl b'fhéidir cúig bhomaite ar scor ar bith nó deich mbomaite roimh an ama. (Gáire) Ach maidin amháin tháinig sí isteach ar scor ar bith agus dúirt sí liomsa: "Edward", shíl mé féin gur rud inteacht

eile a bhí sí ag gabháil a inse domh, “*you can put 'round the clock*” dúirt sí “inniu, tá ceann anseo agamsa”, a dúirt sí. (Gáire)

DÓNALL: (Gáire) *So* bhí a fhios aici gur tusa a bhí ag magadh.

EDDIE: Bhí a fhios aici gur mise a bhí ag déanamh an dochair (gáire).

DÓNALL: Ach ní raibh sí rógharbh oraibh, Eddie?

EDDIE: *Á*, ní raibh ar chóir ar bith, ní raibh ar chóir ar bith, ní raibh. *Á*, ní raibh dochar ar bith léithe,. Bhí sí an-mhaith anois, níl dabht ar bith ann.

DÓNALL: *Á* ní thioctadh leis go raibh mórán scoláirí ar an scoil sin, an raibh a Eddie?

EDDIE: Bhí i dtrátha *fifty* ann san am sin.

DÓNALL: An raibh?

EDDIE: Agus tá mórán mór acu sin marbh san am atá i láthair.

DÓNALL: *Mmm.*

EDDIE: D’imigh mórán acu go Sasana agus pósadh ansiúd `s anseo iad agus tá mórán mór acu anois marbh agus bhuel, cinnte tá, b’fhéidir, mórán mór acu fosta beo bhfuil a fhios agat, ach b’fhéidir fiche cloigeann acu marbh ar scor ar bith, *aye*.

DÓNALL: Ach imirce a bhí fá bhur gcoinne Eddie san am, ní raibh a dhath, ní raibh an obair anseo go díreach.

EDDIE: Óra, ní raibh ar chóir ar bith.

DÓNALL: Bhí achan duine ag imeacht ag ceithre bliana déag.

EDDIE: Bhí, bhí, bhí cinnte. Ára bhuel, uair amháin sa t-am sin, déarfadh muid nuair a bhí tú sé mbliana déag nó a hocht mbliana déag, bhí siad ar shiúl go Sasana ná bhí siad ar shiúl ag cuartú oibre ansiúd `s anseo agus ní raibh mórán daoine ag gabháil ag *secondary schools* ...

DÓNALL: *Mmm...Ní raibh...*

EDDIE: ...Ná dada an t-am sin

DÓNALL: ...Ní raibh an t-airgead ann...

EDDIE: ...Ní raibh an t-airgead acu bhfuil a fhios agat.

[An bhean ag caint arís]

DÓNALL: *No.*

EDDIE: Ach bhí fear amháin, gasúr amháin thiar ansin, is iomaí am a labhair mé fá dtaobh de, bhí sé an-mhaith ar an scoil agus ba mhaith leis an teagasc í, an *teacher* í, bhfuil a fhios agat, é a chur chun tosaigh.

DÓNALL: *Mmm*, a dhul ar aghaidh, sea.

EDDIE: Ach is cosúil gur mhothaigh an t-athair fá dtaobh de ar scor ar bith agus tháinig an t-athair isteach na scoile lá amháin agus dúirt sé leis an *teacher*, dúirt sé dúirt sé, dúirt sé léithe, níl, *em*, is fearr do fanacht sa bhaile, gheobhaidh sé tréan le déanamh agus níor bhfuair sé níos faide ná sin.

DÓNALL: Ba sin sin go díreach.

EDDIE: Sea, sea.

DÓNALL: Sea.

EDDIE: Agus tháinig sé chun tosaigh *alright*, tá sé ag gabháil go maith ar fad. Tá.

DÓNALL: Ach ag an am chéanna chuaigh léir daoine amú sa _____.

EDDIE: Árú, cinnte, cinnte. A bhí na seandaoine, bhfuil a fhios agat, bhí siad damánta faoi chineál obair an t-am sin.

DÓNALL: Sé.

EDDIE: Bhí siad leath ar mire, mar a dúirt an béarla.

DÓNALL: Cha raibh ann ach obair uilig go díreach.

EDDIE: Ó, obair uilig cinnte. *Aye.*

DÓNALL: *So* bhí'n teach seo an dóigh chéanna Eddie, creidim?

EDDIE: Óra, bhí sé an dóigh chéanna, bhí na tithe an dóigh chéanna.

DÓNALL: *Mmm.*

EDDIE: Bhí cinnte, *aye, aye.* Ní raibh iomrá ar bith ar postanna maith an t-am sin nó dhath ar bith eile an bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: Ó, ní raibh, ní raibh.

EDDIE: Ní raibh 's bhí mórán acu a d'ímigh go hAlbain 's go Sasana agus níor thiontaigh siad ariamh ar ais.

DÓNALL: *No.*

EDDIE: *No, no.* Pósadh ansin iad...

DÓNALL: ...D'fhan siad ann...

EDDIE: ...'s d'fhan siad ann mar a dúirt an béarla.

DÓNALL: *Mmm, hmm.*

EDDIE: *Aye.*

DÓNALL: Is caidé a rinne tú féin Eddie, nuair a d'fhág tú an scoil?

EDDIE: Bhuel, go díreach, bhí mé ag obair anseo ar an *farm.*

DÓNALL: *Mmm, hmm.*

EDDIE: Á, ag sochú liom.

DÓNALL: Bhí go leor le déanamh.

EDDIE: Bhí go leor le déanamh. Níor chuir mé ariamh mórán sult isteach sa foghlaim, an bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: *Mmm, níor chur.*

EDDIE: Níor chur, *mmm.* Go díreach ag fanacht leis an chlog a ghabháil thart agus a ghabháil na bhaile ar ais (gáire).

DÓNALL: Go bhfaighfeá na bhaile, go díreach.

EDDIE: Go dtí go bhfaighfeá na bhaile agus an t-am sin, ba ghnách le achán duine cúpla fód móna a thabhairt leofa agus ...

DÓNALL: ...Chaithfeá siúl na ...

EDDIE: ...Bheifeá costarnocht `s achán sórt eile.

DÓNALL: An mbeifeá Eddie, costarnocht?

EDDIE: Árú, bhí tú costarnocht cinnte. Déarfaidh muid ón tús an Aibreáin go dtí mí, mí *September*. *Aye.* Agus bhí bríste gairide an t-am sin ar na gasúir agus bhí muid chóir a bheith sé mbliana déag, seacht mbliana déag. Shílfeá *by God* gur girseach a bhí ionainn. (gáire) Dá bhfeictí duine mar sin anois. Á, bhuel, d'athraigh an t-am, buíochas don Rí ar scor ar bith, tá níos mó airgid agus dóigh níos fearr ar achán duine agus tá dóigh mhaith orthu.

DÓNALL: *Mmm.*

EDDIE: Tá _____+.

DÓNALL: Ó bhisigh an saol, sea.

EDDIE: Sea.

DÓNALL: Bhuel, ar imigh tú féin ar chóir ar bith ariamh Eddie?

EDDIE: D'imigh mé go Sasana.

DÓNALL: C'uair a d'imigh tú ansin Eddie?

EDDIE: Ó, bheadh sé thart fá na, b'fhéidir, thart fá na *seventies* nó thart fá sin.

DÓNALL: *Mmm.*

EDDIE: *Sixty eight, seventy.*

DÓNALL: *Mmm, hmm.*

EDDIE: Agus d'fhan mé ansin i dtrátha sé mhí nó rud inteacht.

DÓNALL: Cén pháirt a deachaigh tú ann a Eddie?

EDDIE: *Em, árá, c'ainm seo a bhí ar an am, ar an áit, em?* Ní thig liom smaointiú san am atá i láthair anois ach, *aye.* Ach ní raibh mé ann, ní raibh mé ann ach go díreach sé mhí.

DÓNALL: *Mmm.*

EDDIE: *Rugby!*

DÓNALL: Ó, sea.

EDDIE: *Aye, Rugby*, sin an áit a raibh mé. Bhí mé ar an *bhuildáil* mar a dúirt an fear iúdaí.

DÓNALL: Ó, sé.

EDDIE: Bhí siad ag tógáil tithe úra agus rudaí den tsórt sin.

DÓNALL: Agus bhí tréan oibre ann?

EDDIE: Bhí tréan oibre ann san am leoga, bhuel, idir achan sórt, an bhfuil a fhios agat, sílim go raibh sé thart fá, thart fá, ocht bpunt sa tseachtain nó rud inteacht a bhí muid ag fáil. Thart fá sin ar scor ar bith, b'fhéidir go raibh sé rud beag níos mó ná níos lú. Agus ar ndóighe nuair a bhí achan sórt díolta agat amach as...

DÓNALL: ...Ní raibh mórán, ní raibh mórán fágtha...

EDDIE: ...Ní raibh mórán ar bith fágtha mar a dúirt an béarla.

DÓNALL: *No.*

EDDIE: Ní raibh, ní raibh.

EDDIE: Bhuel d'oibir mé ansin ar *forestry* bliain nó beirt.

DÓNALL: Nuair a tháinig tú na bhaile ansin?

EDDIE: Nuair a tháinig mé na bhaile.

DÓNALL: Sé.

EDDIE: Agus, bhuel, bhí sin gearrmaith cinnte.

DÓNALL: Agus c'áit a dtabharfadh sin, an gcaithfeá tiomáint, dhul ag páirteanna *different* den, den..?

EDDIE: ...Den forestry?

DÓNALL: Sé.

EDDIE: Bhuel, bhuel, ní raibh sé anfhad ar shiúl uaim an bhfuil, bhfuil a fhios agat, bheadh sé thiar ansin ar an Ghleann Bheag.

DÓNALL: Sé.

EDDIE: Déarfaidh muid, i dtrátha míle go leith as seo.

DÓNALL: As seo. Sea.

EDDIE: Agus ansin bhí mé ag obair leis an Chontae, Comhairle Contae, ar an, ar na bealaí móra fosta tamall agus an t-am a bhí mé ar an *forestry* sílim gur thart fá 3, 3 phunt agus cúpla scilling nó rud inteacht an t-am sin.

DÓNALL: Agus caidé cineál obair, an bé gearradh na gcrainn a bhí sibh a Eddie?

EDDIE: Bhuel, bhí muid ag cur na gcrainn.

DÓNALL: Sé.

EDDIE: Sea, sin an rud a bhí mé a dhéanamh agus ag cur aol air, orthu agus rudaí. Ach.

DÓNALL: Sé.

EDDIE: Ach ansin d'fhág mé an *forestry* agus chuaigh mé siar go dtí Bord na Móna agus *em*, bhfuil a fhios agat, bhí siad, bhí siad ag cróigiú móna ansin, thiar i dTulaigh Ard, taobh amuigh de na Gleanntaí ansin.

DÓNALL: Sé.

EDDIE: Agus bhí mise ag déanamh dhá phunt déag (12) a bhaint amach as an tseachtain, ar an, ar na *plotanna* uilig a dhéanainn. Agus ansin uair amháin a tháinig an *September* díoladh na fir uilig de. *Thryáil* mé ansin a fháil ar ais ar *forestry* agus *tharás* sé liom.

DÓNALL: Níor, *no*.

EDDIE: *No. No.* Ach bhí airgead maith anois i dTulaigh Ard san am. Dá mbeadh...

DÓNALL: ...But ní, ní, níor mhair sé ach na cúpla mí go díreach...

EDDIE: ...Níor mhair sé ach na cúpla mí, an bhfuil a fhios agat, á.

DÓNALL: Sé.

EDDIE: Ach bhí sé an-mhaith anois, an t-airgead.

DÓNALL: *So* bhí sin faoi Chomhairle na Contae fosta a Eddie, an raibh?

EDDIE: Bhuel déarfainn nach raibh sé faoi...

DÓNALL: ...*No...*

EDDIE: ...Con, an Chontae, ní raibh, ach ...

DÓNALL: ...*No.*

EDDIE: ...sílimse gur á, ní thig liom a rá anois, ní thig liom a inse...

DÓNALL: ...*Mmm, hmm.*

EDDIE: ... duit ar fad, Bord na Móna.

DÓNALL: Sé. *So* ansin thosaigh tú ag obair le Comhairle na Contae, a dúirt tú cúpla...

EDDIE: ...Chuaigh, chuaigh cinnte, i ndiaidh sin, sea.

DÓNALL: Ag cóiriú bealtaí agus rud mar sin

EDDIE: Ag cóiriú bealtaí `s *potholes*`s leora bhí tréan *potholes* an t-am sin ann. Ní raibh mórán iomrá ar tar nó dada eile, ní raibh.

DÓNALL: *So* ar chaith tú blianta leo, a Eddie, ansin?

EDDIE: Á, chaith mé cúpla bliain leofa, *aye*. Á, leora mar a dúirt an fear iúdaí, bhí, ní raibh sé an-, ní raibh sé an-mhaith in amanna, an bhfuil a fhios agat, ní raibh mórán de *wet-time* ná dada agat agus ní thiocfadh leat b'fhéidir ach greim beag a ithe go díreach ag am dinnéir, leath i ndiaidh an dódhéag (12:30) agus...

DÓNALL: ...*Mmm, hmm.*

EDDIE: B'fhéidir go nglacfa giota, oíche, i dtrátha an deich a chlog (10:00), ach bhí tú i gcónaí, mar a dúirt an fear iúdaí i bhfolach ar eagla go dtiocfadh duine ar bith thart...

DÓNALL: ...(Gáire), tá a fhios agam.

EDDIE: Bheadh sé an dóigh chéanna tráthnóna ag an trí a chlog...

DÓNALL: ...Sé.

EDDIE: ...Ghlacfa braon beag tae, *aye*. Ach *sure* mar a bhí sé an t-am sin ní, ní, bheadh *flask* leat...

DÓNALL: ...Sé...

EDDIE: ...mar a dúirt an béarla agus braon tae ann agus b'fhéidir amanna go n-ólfá tae, tae fuar agus leithéid sin, *aye*. Agus b'fhéidir go mbeifeá amuigh ansin i rith an lae agus é ag cur agus bhí tú *flaite* chóir a bheith. *Aye*.

DÓNALL: Sé.

EDDIE: Ach d'athraigh an rud ar scor ar bith...

DÓNALL: ...Ach *but*...

EDDIE: ...buíochas don Rí ar scor ar bith...

DÓNALL: ...D'athraigh *but* leis an ob...

EDDIE: ...Ní sheasadh na daoine suas dá sin anois, tháinig an *union* isteach ansin.

DÓNALL: *Mmm, hmm*.

EDDIE: Agus chuir siadsan deireadh leis an *wet-time* agus ...

DÓNALL: ...Sé...

EDDIE: ...achan sórt eile. *Mmm*.

DÓNALL: *But* san am sin a Eddie ag an *Chouncil*, picéad agus sluasaid agus chaitheadh na fir oibriú.

EDDIE: Bhuel, chaithfeá cinnte.

DÓNALL: Anois go díreach *diggers* agus *machinery*.

EDDIE: *Diggers* agus *tractors* agus achan sórt eile...

DÓNALL: ...(Gáire), níl, níl siad ag déanamh mórán oibre.

EDDIE: Ó, níl siad ag déanamh dada anois.

DÓNALL: *No*.

EDDIE: Níl.

DÓNALL: *So* chaith tú blianta ag obair leo ansin a Eddie nó go dtí gur éirí tú as?

EDDIE: Bhuel, d'éirigh mé as ansin go deireanach agus ní dheachaigh mé ag obair áit ar bith.

DÓNALL: *But* tá tú ag coinneáil cúpla ceann eallaigh _____?

EDDIE: Tá cúpla ceann eallaigh ansin agam agus gráinín beag caoirigh agus sin deireadh.

DÓNALL: Sé.

EDDIE: Ní raibh mórán preafáid iontusan ach oiread.

DÓNALL: *No*, níl mórán ar bith ná ...

EDDIE: ...Níl, níl.

DÓNALL: ... an rud ar tógadh thú ansin.

EDDIE: Mar a dúirt an béarla, an rud a chosnódh sé duit i rith na bliana fá choinne iad a choinneáil ag gabháil sa gheimhreadh, ní bhfaighfeá an-mhórán ar bith anois, *mmm*.

DÓNALL: Is an bhfuil an talamh anois, *like* an talamh uilig a bhí daoine ag oibriú san am, in d'óige a Eddie, an bhfuil sin anois glactha suas ag na crainn, ag na foraoisí seo uilig, an bhfuil?

EDDIE: Tá a mbunús a mór do uilig nó tá an tsean bhunú marbh agus tá an t-aos óg a bhí ann, tá siad ar shiúl.

DÓNALL: Tá.

EDDIE: Agus tá mórán sean tithe anois nach bhfuil duine ar bith iontu.

DÓNALL: Sé, sin an chuma atá air anseo.

EDDIE: *Aye, aye.*

DÓNALL: Agus tá sé ina choillte uilig.

EDDIE: Tá sé ina choillte uilig.

DÓNALL: Tá.

EDDIE: Agus déarfainn-se san am atá le theacht, ní bheidh dada ann ach crainn.

DÓNALL: Sé.

EDDIE: Á, á, tá mórán áiteanna thart anseo anois tá crainn ann, sin áit taobh thiar ansin dúinne anois níl ann ach crainn agus ar an taobh sin, níl ann ach crainn.

DÓNALL: *Mmm, hmm.*

EDDIE: *Aye.* Á. Tá crainn achan áit acu anois.

DÓNALL: Agus caidé fá anseo, baile an Dearacháin anseo, níl mórán tithe ar an Dearachán anois atá foscailte, an bhfuil, níl ann ach cúpla ceann?

EDDIE: Níl ann ach dhá theach, seo Dearachán Mór agus an áit a bhfuil an fear sin eile ina chónaí, bhí mé ag inse duit, Dearachán Beag atá seisean ann. Sin deireadh.

DÓNALL: Sin a bhfuil ann dá thithe?

EDDIE: Sin a bhfuil ann dá thithe, dhá theach agus i dtrátha míle nó míle go leith idir an dá theach. Ó tá, tá teach eile go díreach istigh idir, idir, á...

DÓNALL: ... Eatarthu, sé.

EDDIE: Tá sise as *Germany* agus bheadh seisean as Contae Mhaigh Eo. Agus tá siad ina gcónaí thoir ansin anois le tamall maith. Bhuel, cheannaigh siad an teach sin ón *Forestry*, an bhfuil a fhios agat?

DÓNALL: *Mmm, hmm.*

EDDIE: Sin an áit a bhfuil siad ina gcónaí anois. Tá iníon amháin acu, *aye*.

DÓNALL: Tá sé iontach an áit a bhfuil dúil ag daoine socrú, nach bhfuil, an bhfuil a fhios agat?

EDDIE: Bhuel, tá sé damánta cinnte, tá.

DÓNALL: Nuair a tógadh thú anseo, is cuma leat, tá tú sásta ach daoine eile...

EDDIE: ...Tá tú breá sásta.

DÓNALL: Sé.

EDDIE: Tá tú breá sásta, tá. Agus tá mórán eile daoine ag teacht isteach as con., tíortha eile an bhfuil a fhios agat agus tá siad ag ceannach tithe agus ag cur suas tithe thart fá na ceantracha seo fosta...

DÓNALL: ...Agus ag cóiriú seantithe...

EDDIE: ...Tá, tá, ag cóiriú seantithe.

EDDIE: Bhí na seantithe, ní raibh orthu ach seantuí agus achan sórt eile...

DÓNALL: ...Sé...

EDDIE: ...Agus corr deor anuas ag teacht ort b'fhéidir sa leaba san oíche (gáire).

DÓNALL: Tuí a bhí ar seo fosta?

EDDIE: Tuí cinnte a bhí air, tuí cinnte, *mmm, aye*.

DÓNALL: Chuir tú suas go minic é a Eddie, creidim?

EDDIE: Árú, rachadh an tuí suas achan bhliain, á, agus ansin bhí fionnán agat le cur ina mhullach ...

DÓNALL: ...Sea...

EDDIE: ... A dhéanadh díon maith a chur sa rud, *aye, aye*.

DÓNALL: Rinne tú sin tú féin go minic, a Eddie?

EDDIE: Rinne leoga, rinne leoga, *mmm*. Ní raibh moill le tuí a fháil an t-am sin mar a dúirt an béarla, an cineál tuí atá ag gabháil anois, tá sé chomh bog agus ní thiocfadh leat...

DÓNALL: ...Sé...

EDDIE: ... ní thiocfadh leat...

DÓNALL: *So*, bhí, bhí an fionnán níos fearr a Eddie, an raibh?

EDDIE: Caidé?

DÓNALL: An fionnán, bhí sé déanta amach as....

EDDIE: ...Árú, bhí, bhí cinnte, bhí, bhí, bhí. Gheofá sin fá na cnoic `s thart áit ar bith a raibh, a raibh, caidé,c'ainm seo atá air, ní thig liom smaointiú anois, ach ní raibh sé gann ar scor ar bith, an bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: Bé áit a bheadh bog a bheadh ann?

EDDIE: Sea, sea, sea sea.

DÓNALL: Seascán.

EDDIE: Sea, sea, áiteanna den tsórt sin.

DÓNALL: Sé.

EDDIE: *Á, by Godda*, ní fheicfeá fionnán chóir a bheith áit ar bith anois.

DÓNALL: Tá, tá oiread cailte anois, níl tú ábalta a dhath a fheiceáil ar scor ar bith.

EDDIE: Bhuel, ní, sin an rud, sin an rud, sin an rud, sea, *mmm*. Agus ar scor ar bith, idir caoirigh agus achan sórt eile, tá deireadh ite acu. B'fhéidir déarfaidh muid thart fá na *sixties* agus thart fan bhliain sin, ní bheadh mórán caoirigh áit ar bith, ná mórán eallaigh ach an oiread.

DÓNALL: *No.*

EDDIE: Ansin nuair a tháinig *reps* isteach...

DÓNALL: ...D'athraigh sin uilig, sé...

EDDIE: ...Thosaigh muidinne ag coinneáil níos mó, an bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: *Yeah. But* ar fiú, an fiú ar chóir ar bith é dá *farmer* beag, a Eddie, anois, bhfuil a fhios agat, tusa, cosúil le tú féin ag tógáil, ag tógáil caorach ná ag tógáil cúpla ceann eallaigh, an fiú sin? Níl mórán astu, a Eddie, an bhfuil?

EDDIE: Níl dada astu.

DÓNALL: *No.*

EDDIE: Níl dada astu. _____ + dá ndíolfá uan fireann ansin agus bheadh *luck* ort dá gheofá *thirty euros* orthu.

DÓNALL: *Mmm, hmm.*

EDDIE: Agus ansin, nuair a rachadh isteach ag an bhúistéir na isteach ag an tsiopa chosnódh sé b'fhéidir sin, cibé cineál bia na beirt a ghlacaint, an bhfuil a fhios agat.

DÓNALL: *Sé, mmm, hmm.*

EDDIE: D'athraigh rud go mór.

DÓNALL: Tá sin fíor.

EDDIE: D'athraigh rud go mór. Bhuel, sin mar atá sé.

DÓNALL: Sin é a Eddie.

EDDIE: *Aye*, sin é.

EDDIE: Caint fá dtaobh de taibhsí...

DÓNALL: ...Sé...

EDDIE: ...'s rudaí den tsórt sin.

DÓNALL: ...'s ag imirt na gcárdaí.

EDDIE: 'S, *aye*, ag imirt na gcárdaí. Agus bhí tine an t-am sin ar chládach mar a dúirt an fear iúdaí...

DÓNALL: ...Sé...

EDDIE: ...agus bhí siad uilig ag caitheamh an phíopa agus achan seileog a chuireadh siad amach.

DÓNALL: Caitheamh seileogaí, sea.

EDDIE: Sea. [*Tá a bhean ag caint sa chúlra anseo fosta.*] Shílfeá *bygorra* gur *bacon* nó rud inteacht a bhí ar an tine.

DÓNALL & EDDIE: (Gáire)

DÓNALL: Agus cén lá mór a bheadh ann sa bhliain, Aonach na nGleanntach creidim agus Aonach an Bhrocaigh?

EDDIE: Sin *twelveth, em, twelveth of September*, ní hea, *Harvest Fair Day*, sílim.

[Tá a bhean ag caint sa chúlra anseo fosta.]

Aye, twelveth of September, lá Aonaigh an Fhómhair i gcónaí ar na Gleanntaí.

DÓNALL: Sé.

EDDIE: Ba ghnách le achan duine cruinniú siar an lá sin. Bheadh caoirigh thiar acu `s bheadh eallaigh thiar acu `s á, b'fhéidir gur, mórán de na seandaoine, ní rachadh siad amach ach go díreach lá amháin sa bhliain...

DÓNALL: ...Ach an lá sin, sé...

EDDIE: ...mar a dúirt an fear iúdaí agus thiocfadh siad na bhaile ólta. *Aye.*

DÓNALL & EDDIE: (Gáire)

DÓNALL: Thiocfadh achan duine na bhaile ólta an oíche sin.

EDDIE: Thiocfadh cinnte. (Gáire) Agus iad ag gabháil a cheol ansin, i rith na hoíche.

DÓNALL: Sé.

EDDIE: B'fhéidir go mbeadh *row* acu istigh i bpub inteacht fá dtaobh de rud `s...

DÓNALL: ...Bhuel bhí craic ann a Eddie, bhfuil a fhios agat.

EDDIE: Bhí craic ann cinnte.

DÓNALL: Bhí.

EDDIE: Ach, ach tá sin uilig athruithe anois.

DÓNALL: Rachfá suas fosta chuig Aonach an Bhrocaigh creidim a Eddie, go dtí..?

EDDIE: Bhuel, ní raibh mé ann anois ach chít nó beirt sílim.

DÓNALL: Sé.

EDDIE: Chít nó beirt.

DÓNALL: Bhí tú níos tugtha dá ghabháil na nGleanntach?

EDDIE: Bhí, bhí cinnte, bhí cinnte. *Mmm.*

DÓNALL: Agus creidim....

EDDIE: ...Bhuel bheadh aonach ann achan mhí an t-am sin.

DÓNALL: Sé.

EDDIE: Bhí, ar na Gleanntaí. *Mmm.* Ach Lá Aonaigh an Fhómhair...

DÓNALL: Sin an lá a ba mhó.

EDDIE: Sin an lá a ba mhór. Sin an *budget day*, mar a dúirt an fear iúdaí.

DÓNALL: Sé. (Gáire). 'S ar thiomáin tú eallaigh síos is caoirigh go minic ann a Eddie?

EDDIE: Ó, ba ghnách, iad a thiomáin siar ó seo. B'fhéidir iad a chur siar an tráthnóna roimhe, b'fhéidir, leath bhealaigh agus choinneodh duine inteacht eile iad

go dtí an mhaidin tá a fhios agat agus bhéarfá, bhéarfá isteach ansin ar an aonach ar maidin iad. *Mmm.* Ansin tháinig *tractors* agus rudaí ...

DÓNALL: ...Sé...

EDDIE: ...'S fuair siad siar an bealach sin. Ó bhí siúl fada isteach go dtí na Gleanntaí le caoirigh ar scor ar bith.

DÓNALL: Sé.

EDDIE: An bhfuil a fhios agat agus ní raibh *fenceanna* nó dada ar an bhealach mhór an t-am sin. *Mmm.*

DÓNALL: Cé mhéad míle a bheadh as seo a Eddie?

EDDIE: Tá sé i dtrátha naoi míle déarfainn ó seo go dtí na Gleanntaí. Thart fá sin anois.

DÓNALL: Bheadh giota...

EDDIE: ...Bhí siúl fada ann mar a dúirt an fear iúdaí.

DÓNALL: Bhí. Bhí giota tiomáint agat ann.

EDDIE: *Aye.* Ach níor shíl siad dada de.

DÓNALL: *No.* *But* ní raibh dóigh, ní raibh bealach eile ann.

EDDIE: Ó ní raibh bealach ar bith eile ann. Ní raibh. Ní raibh *transport* áit ar bith.

DÓNALL: *No.*

EDDIE: B'fhéidir go raibh sean rothar agat ná rud inteacht. Sin deireadh.

DÓNALL: Sin mar bhí.

EDDIE: Sin mar bhí, sin mar bhí.

DÓNALL: Bhuel, nach mór an gar gur bhisigh rudaí a Eddie.

EDDIE: Á, bhuel, bhisigh rudaí go han-mhaith. Bhuel, bhí sé gearrmaith anois le cúig nó sé bhliana thart ar scor ar bith.

DÓNALL: *Mmm.*

EDDIE: *Mmm. Aye.*

DÓNALL: An raibh carr agatsa i gcónaí, an raibh carr sa teach seo i gcónaí a Eddie?

EDDIE: Ní raibh. Ní raibh carr ar bith anseo go dtí go bhfuair mise ceann sílim thart fá *sixty eight*.

DÓNALL: Sé.

EDDIE: *Aye. Ford Prefect.* An bhfuil cuimhne agat ar an sean charranna a raibh na, na *lampanna* móra ar, ar ...

DÓNALL: ...Sé. Sin an cineál a bhí inti?

EDDIE: Sea, sin an cineál a bhí inti.

DÓNALL: Agus cá fhad `s mhair sí duit, an raibh sí go breá, a Eddie?

EDDIE: Bhuel, bhí sí gearrmaith, mhair sí tamall maith domh.

DÓNALL: *Mmm.*

EDDIE: Sílim, thart fá bliain nó beirt ar scor ar bith.

DÓNALL: *Mmm, hmm.*

EDDIE: Ach sé na, na, na sean *headlamps* a bhí uirthi, an bhfuil a fhios agat, ní raibh iontu ach *bolt*.

DÓNALL: Ó, sin a raibh iontu.

EDDIE: Faoin *mudguard*.

DÓNALL: Sé, sin a raibh ann.

EDDIE: Agus b'fhéidir go mbeadh an solas ag gabháil an bealach sin agus ceann ag gabháil an bealach sin.

DÓNALL & EDDIE: (Gáire)

EDDIE: Agus ní fheicfeá caidé a bhí ag teacht romhat.

DÓNALL: Ní fheicfeadh.

EDDIE: Ní fheicfeadh.

DÓNALL: *No, no.* Stróicfeá leat go díreach.

EDDIE: Bhí tú ag stróiceadh leat. Bhuel, dá ndéanfá fiche míle san uair, bheadh, sin an *height*.

DÓNALL: Ó, sin a bheadh...

EDDIE: ...Ní raibh *speed* mórán ar bith iontu...

DÓNALL: ...*No, no.*

EDDIE: Ansin, bhí na bealaí an-olc.

DÓNALL: Ní raibh siad déanta fá choinne sin.

EDDIE: Ní raibh siad déanta fá choinne sin. Bhuel, sílimse le *tyre* a cheannach an t-am sin, sílim gur thart fá punt ná *one fifty* agus leora, ní raibh mórán, mórán daoine ag cur suas *tyres* an t-am sin.

DÓNALL: Ní bheadh.

EDDIE: Sean *gaters* agus achan sórt eile istigh iontu.

DÓNALL: Sé. *But* bhí an *petrol* saor fosta.

EDDIE: *Á, Jesus* bhí sé saor cinnte, bhí sé thart fá sílim trí scilling ná rud inteacht. Trí scilling an galún. Thart fá sin ar scor ar bith.

DÓNALL: Agus caidé fá ansin an t-am, a dúirt tú, thart fá 1968 a fuair tú ceann, caidé, caidé a bhí daoine anois, cosúil le bhí tú 9 míle le dhul síos na nGleanntach ag siopa a Eddie, caidé, caidé mar a bhí daoine ag fáil, an raibh siopa ag teacht aníos anseo le _____? .

EDDIE: Bhuel, bhí siopa ag teacht thart i gcónaí achan seachtain.

DÓNALL: An raibh?

EDDIE: Bhí cinnte.

DÓNALL: Beithíoch agus carr ná?

EDDIE: Níl, leoraí, ná veain na cibé...

DÓNALL: ...Sé...

EDDIE: ...Ainm a bhéarfá air. Agus ba ghnách leofa, an bhfuil a fhios agat, gheofá na *goods* ansin agus ansin, na mná, cibé uibheacha nó im a bhí acu, rachadh sé isteach agus gheofá thusa do chuid *goods* ansin air.

DÓNALL: Cineál de *barter*.

EDDIE: Sea, sea, sea, cinnte. Sin mar a bheadh sé an t-am sin.

DÓNALL: Bhí na mná maith mar sin, nach raibh?

EDDIE: Bhí siad an-mhaith ag cniotáil agus achan sórt eile, *mmm, hmm*.

DÓNALL: *Aye*.

EDDIE: *Christ*, bhí siad ag gabháil agus an _____ a bhí acu...

DÓNALL: ...An t-am ar fad, sé...

EDDIE: ...*Aye*, bhí cinnte. Á, d'oibir siad na mná roimhe seo.

DÓNALL: Ó, d'oibir.

EDDIE: Idir amuigh agus istigh.

DÓNALL: Sé.

EDDIE: *Aye*.

DÓNALL: D'ímeodh na fir ansin anonn go séasúrach go hAlbain ná Sasana.

EDDIE: Dhéanadh cinnte, *yeah*.

DÓNALL: Bheadh an obair fágtha ag na mná le déanamh.

EDDIE: Bhí, bhí, bhí cinnte. Ó, níor chuir siad _____ ar bith ann.

DÓNALL: Ó a dhath ar bith.

EDDIE: Agus teaghlach mór in achan teach chóir a bheith an t-am sin.

DÓNALL: *Mmm, hmm. Sé.*

EDDIE: Á. Á, sin mar bhí sé. *Sure* mar atá sé anois, níl teaghlach mhór in áit ar bith.

DÓNALL: Níl.

EDDIE: B'fhéidir duine nó beirt ná a leithéid sin.

DÓNALL: Sé.

EDDIE: *Mmm.* Ó leora bhí am crua ann an t-am sin.

DÓNALL: Is níl an obair anois ach oiread a Eddie, an bhfuil, bhfuil a fhios agat, in san cheantar seo, an bhfuil tú, an bhfuil tú den bharúil go bhfuil na daoine óg ag imeacht, tá a fhios agat?

EDDIE: Árú, tá siad ag imeacht cinnte, tá siad ag imeacht cinnte, b'fhéidir go bhfuil siad ag imeacht ansin go dtí coláiste na rud inteacht i ndiaidh an ...

DÓNALL: ...Sé...

EDDIE: ...Scoil a fhágáil agus *so on and so forth* agus.

DÓNALL: *Mmm, hmm.*

EDDIE: Gheobhaidh siad post maith amach agus níl siad ag gabháil a fhanacht thart anseo...

DÓNALL: ...*No*, níl a dhath ann daofa...

EDDIE: ...Níl, níl, níl dada acu, níl dada fá na gcoinne.

DÓNALL: *Yeah.*

EDDIE: Caithfidh siad imeacht. Níl obair ar bith ann. Cén áit a bhfaighfeá obair anois? Bhuel sin mar atá sé.

DÓNALL: Sin é a Eddie.

EDDIE: Sin é.

DÓNALL: *Right*, bhuel, fágfaidh muid ag sin é agus tá a fhios agam go bhfuil tú a ghabháil a *dippáil* na gcaorach.

EDDIE: Bhuel, a bhuel.

DÓNALL: Agus, níl a fhios agam caidé i dtrátha an ama atá sé.

EDDIE: Tá sé leath i ndiaidh an dódheag.

DÓNALL: Bhuel go raibh maith agat a Eddie

EDDIE: Á bhuel, áru go raibh maith agat féin.